

BROIGHEALL SLÉIBHE.

Rug bean ar bhroigheall shléibhe ar chnoc Mordán lá ciúin. Éan gorm a bhí ann chó deas le bhfaca tú ariamh. Ní raibh sé indon éirighe den talamh. Nuair a bhíos an dá sgiathán osgluighthe amach ag broigheall nó ag cailleach dubh ar carraig is ag iarraidh gaoithe a bhíos siad, bíonn súil aca le gaoth, (dhá dtriomú féin a bhíos siad tar éis bheith faoi'n bpoll ag iasgach.)